CEACHT **23**

CUAIRT NA hAINTÍN

A. Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh.	Tar isteach, a Liam.	Suigh síos, a Úna.
	Tiocfaidh mé.	**Suífidh mé.**
	Céard a rinne tú?	Céard a rinne tú?
	Tháinig mé isteach.	**Shuigh mé** síos.

B. **Cloisteáil, Aithint, Aithris**

Bunchomhrá

Tá aintín ag Nuala. Nóra is ainm di. Tháinig Aintín Nóra go dtí an teach. Bhuail sí ar an doras. D'oscail Mamaí an doras.

Agallamh

Mamaí:	Dia duit.
Nóra:	Dia is Muire duit.
Mamaí:	Fáilte romhat. Suigh síos.
Nóra:	Seo bronntanas duit, a Nuala.
Nuala:	Go raibh maith agat, a aintín.

C. **Cleachtadh.**

An bhfuil aintín ag Nuala?
Cén t-ainm atá uirthi/Cad is ainm di?
Cé a tháinig go dtí an doras? Céard/Cad a rinne Aintín Nóra?
Céard/Cad a rinne Mamaí?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,

m.sh. Tháinig sí go dtí **an doras/an teach/an scoil/an siopa,** etc.
D'oscail Mamaí **an doras/an cófra/an mála/an leabhar,** etc.

D. **Leathnú**

Amhrán (An ceol ar théip)

I

Tá aintín ag Nuala
Nóra is ainm di,
Tháinig sí ar cuairt lá
Ar cuairt go dtí an teach.

II

Dia duit, a Aintín Nóra,
Dia duit, a Nuala,
Tá fáilte romhat, a aintín,
Fáilte romhat isteach.